

Daichead bliain de Ghaelscoil na Dúglaise



Eochairfhocail: bratacha, foirgneamh, croí, éalú

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht


Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:

1. Cén contae ina bhfuil Gaelscoil na Dúglaise?
2. Cé a d'oscail foirgneamh na Ghaelscoil na Dúglaise sa bhliain 1996?
3. Cén post gur mhaith le Róisín agus í fásta?
4. Cén geallúint a thug an tOifigeach ón Roinn?



Foghlaim





Anois, tar éis duit breathnú ar an mír sin an féidir leat an sliocht seo faoi Gaelscoil na Dúglaise a léamh agus na ceisteanna a bhaineann leis a fhreagairt i do chóipleabhar?

Gaelscoil na Dúglaise

Bhí a lán daoine i nDúglais, Contae Chorcaí, ag lorg Gaelscoile agus sa bhliain 1985 bhunaigh siad Gaelscoil na Dúglaise. Ba í Máire Uí Chonghaile an chéad phríomhoide sa scoil. D'oscail an scoil ar dtús le fiche páiste. Chuaigh an scoil ó neart go neart agus sa bhliain 1996 d'oscail an tAire Oideachais, Mícheál Martin, foirgneamh álainn na scoile. Tá 450 dalta ag freastal ar an scoil anois agus tá beagnach 30 múinteoir ag obair inti.

Ceisteanna

1. Cén bhliain ar osclaíodh Gaelscoil na Dúglaise?
2. Cérbh í an chéad phríomhoide?
3. Cé mhéad páiste a d'fhreastail ar an scoil i dtosach?
4. Cén bhliain a d'oscail Mícheál Martin foirgneamh na scoile?
5. Cé mhéad dalta atá ag freastal ar an scoil anois?

Na Freagraí



1. Co Chorcaí
2. Mícheál Martin
3. Múinteoir
4. Foirgneamh nua a thabhairt don scoil

1. 1985
2. Máire Uí Chonghaile
3. 20
4. 1996
5. 450 dalta

